**Scéal Phiarais Feiritéar**

Rugadh Piaras Feiritéar sa bhliain 1600 agus mhair sé go dtí go raibh sé 53 bliain d'aois nuair a chroch na Sasanaigh é i gCnocán na gCaorach i gCill Áirne. Ceannaire mór pobail ab ea é, saighdiúir, gaiscíoch airm, scríbhneoir, file, fear spóirt, fiaigh agus ráiseanna capall. Fear uasal íseal agus laoch ab ea é i measc a mhuintire féin. Bhí talamh aige istigh sa Bhlascaod agus bhí caisleán beag aige ann. Bhí pluais leis ann ar an gcliathán thuaidh don oileán go nglaodar Scairt Phiarais air. Ó am go ham théadh Piaras isteach san oileán agus bhíodh sé ag iascach ar a shuaimhneas agus ag scríobh agus ag machnamh istigh ann ach uaireanta théadh sé ann ag éalú ó fhórsaí Shasana.

Maidin amháin ar bhreacadh an lae tháinig bád lán de shaighdiúirí i dtír ar an dTráigh Bhán. Thriomaíodar an bád agus léimeadar i dtír agus gan mhoill chiorclaíodar an caisleán agus nuair a bhí na gunnaí dírithe ar an ndoras acu bhéic an Sáirsint:

"Piaras Feiritéar," a dúirt sé, "tánn tú teanntaithe. Níl aon éalú anois agat. Tar amach, in ainm na Banríona," a dúirt sé, "agus do dhá láimh in airde."

Tar éis tamaill osclaíodh an doras agus tháinig Piaras amach. Bhí an dá láimh in airde aige.

"Táim ag féile." a dúirt sé, "táim ag féile, níl aon ghá le gunnaí. Ní bheidh aon fhadhb agaibh liomsa" a dúirt sé. "Ach tá corcán breá do mhin choirce ag beiriú istigh" a dúirt sé "agus 'sé an diabhal imeacht agus é a fhágaint," a dúirt sé "agus gan é a ithe."

D'fhéach na saighdiúirí go hocrach ar an sáirsint.

"Tá go maith" a dúirt sé, "beidh an bia againn ach má dheineann tú cor amháin" a dúirt sé "nó iarracht éalú" a dúirt sé, "lámhachfar tú," a dúirt sé le Piaras.

"Ó tá go maith, tá go maith," arsa Piaras.

Thángadar isteach agus chuireadar na gunnaí chun seasaimh taobh thiar don ndoras agus shuíodar chun boird, le Piaras ón dtaobh istigh teanntaithe acu chun ná beadh sé ábalta corraí. Chuir bean an tí plátaí breátha do mhin choirce te le mil na mbeach agus uachtar an bhainne ós a gcomhair agus d'ith na saighdiúirí go hamplach ocrach. Labhair Piaras le bean an tí as Gaelainn:

"A bhean an tí," a dúirt sé, "cuir uisce isteach sna bairillí agus fliuch an púdar sna gunnaí. Dein anois é," a dúirt sé, "agus dein i ngan fhios é."

Dhein sí é go glic, seiftithe. Agus nuair a bhí gach aon rud ite agus a bholg lán ag gach éinne labhair an Sáirsint le Piaras:

“Faigh do chasóig,” a dúirt sé, “fág slán ag an mbean san” a dúirt sé, “agus bain amach an bád go tapaidh.”

Chuir Piaras air a chasóig agus amach an doras leis agus chomh luath agus a fuair sé é féin glan rith sé chomh tapaidh agus a d’fhéadadh sé cliathán an chnoic amach i dtreo na scairte. Bhí fuadar fé shaighdiúirí ag lorg gunnaí chun dul ina dhiaidh.

“Dein líne,” arsa an Sáirsint. “Téigí ar leathghlúin,” a dúirt sé, “aimsígh agus caith air.”

Dheineadar é ach níor thárla faic mar bhí an púdar fliuch sna gunnaí. Bhí jab maith déanta ag bean an tí.

‘Leanaíg é,’ arsa an Sáirsint.

Thógadar amach na clocha a bhí acu agus seo leo suas cliathán a’ chnoic ina dhiaidh. Bhí an cosán caol, dainséarach síos go dtí an scairt. Ní fhéadadh ach duine amháin sa turas dul síos ann. Bhí taithí mhaith ag Piaras air gan dabht agus chuaigh sé síos agus istigh sa scairt bhí claoímh curtha i bpoll aige. Fuair sé an chlaoímh agus bhí sé ullamh dosna saighdiúirí nuair a thángadar.

Bhí an cosán sleamhain, bhí sé cúng. Ní raibh faic taobh thíos dóibh ach an fhaill ghéar, borraí tréana agus faoileáin ag scréachaigh. Nuair a thángadar go dtí an scairt sháigh Piaras duine ar dhuine acu le faill. Is mó oíche fhuar fhliuch a chaith Piaras bocht sa scairt san i bhfolach ósna Sasanaigh. Bhí sé ana-mhíshásta mar bhí an áit ana-mhíchompórdach agus bhí sé tais, fliuch. Léiríonn an véarsa seo a scríobh sé chomh míshásta agus a bhí sé:

‘A Dhia atá thuas, an trua leat mise mar atáim?
Im chaonaí uaigneach nach mór go bhfeicim an lá.
An bhraon atá thuas in uachtar leice go hard,
Ag titim im chluais agus fuaim na toinne lem’ sháil’.